



COURTS SERVICE  
*An tSeirbhís Chúirteanna*

**AN TSEIRBHÍS CHÚIRTEANNA**  
**RÁITEAS SÁBHÁILTEACHTA UM BEARTAS**  
**CORPARÁIDEACH**

## CLÁR ÁBHAR

<b>CUID 1</b> .....	<b>3</b>
DEARBHÚ INTINNE.....	4
RÁITEAS BEARTAIS GINEARÁLTA .....	5
AN CLÁR BAINISTÍOCHTA UM SHÁBHÁILTEACHT, SHLÁINTE AGUS LEAS.....	6
EAGRAÍOCHT AGUS FREAGRACHTAÍ.....	6
FREAGRACHT NA BAINISTÍOCHTA .....	6
<b>CUID 2: DUALGAIS AGUS FREAGRACHTAÍ</b> .....	<b>7</b>
PRÍOMH-OIFIGEACH FEIDHMIÚCHÁIN .....	8
AN FHOIREANN BAINISTÍOCHTA .....	9
AN COISTE MONATÓIREACHTA UM SHÁBHÁILTEACHT .....	10
AN STIÚRTHÓIR SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA .....	11
AN COMHORDAITHEOIR SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA .....	12
AN STIÚRTHÓIR ACMHAINNÍ DAONNA .....	13
AN BAINISTEOIR OILIÚNA.....	14
AN STIÚRTHÓIR AIRGEADAIS.....	15
AN PRÍOMH-CHLÁRAITHEOIR AGUS STIÚRTHÓIR OIBRÍOCHTAÍ, AN ARD-CHÚIRT AGUS AN CHÚIRT UACHTARACH .....	16
AN STIÚRTHÓIR OIBRÍOCHTAÍ, AN CHÚIRT CHUARDA AGUS AN CHÚIRT DÚICHE.....	17
AN STIÚRTHÓIR ATHCHÓIRITHE AGUS FORBARTHA .....	18
AN STIÚRTHÓIR TEICNEOLAÍOCHTA FAISNÉISE AGUS CUMARSÁIDE .....	19
BAINISTEOIRÍ RÉIGIÚNACHA (LENA N-ÁIRÍTEAR CEANN AONAD NA BHFOIRGNEAMH, RÉIGIÚN BHAILE ÁTHA CLIATH).....	20
CINN OIFIGE/BAINISTEOIRÍ OIFIGE .....	21
FOSTAITHE.....	22
<b>CUID 3: DUALGAIS AR FHOSTÓIRÍ I LEITH DAOINE NACH FOSTAITHE IAD</b> .....	<b>24</b>
DAOINE NACH FOSTAITHE IAD.....	25
CONRAITHEOIRÍ / BAILL FOIRNE GNÍOMHAIREACHTA .....	26
DÉANTÓIRÍ AGUS SOLÁTHRAITHE .....	27
<b>CUID 4: COMHAIRLIÚ AGUS FAISNÉIS</b> .....	<b>28</b>
IONADAÍ SÁBHÁILTEACHTA .....	29
COISTÍ COMHAIRLIÚCHÁIN .....	30
FAISNÉIS REACHTAÍOCHTA .....	30
ACMHAINNÍ .....	30
OILIÚINT SÁBHÁILTEACHTA .....	30
GARCHABHAIR.....	31
TUAIRISCIÚ AR THIMPISTÍ.....	31
SLÁINTE AGUS LEAS .....	32
SOCRUITHE AR LEITH .....	33
<b>AGUISÍNÍ</b> .....	<b>36</b>
CAIRT EAGRÚCHÁIN UM SHLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHT A BHAINISTIÚ .....	37
ADMHÁIL GO BHFUARTHAS AGUS GUR TUIGEADH É.....	38

## **CUID 1**

DEARBHÚ INTINNE

RÁITEAS BEARTAIS GINEARÁLTA

AN CLÁR BAINISTÍOCHTA UM SHÁBHÁILTEACHT, SHLÁINTE AGUS LEAS

EAGRAÍOCHT AGUS FREAGRACHTAÍ

FREAGRACHT NA BAINISTÍOCHTA

## DEARBHÚ INTINNE

Aithníonn an tSeirbhís Chúirteanna gurb iad a fostaithe an tsócmhainn is fearr atá aici agus mar sin tá a sábháilteacht, sláinte agus leas ina ngné fhíorthábhachtach don tSeirbhís. Agus é seo i gcuimhne, tá an tSeirbhís Chúirteanna tar éis Ráiteas Sábháilteachta um Beartas Corparáideach a ullmhú chun timpeallacht atá sábháilte agus sláintiúil a chinntiú, a oiread agus is inoibrithe le réasún, d'fhostaithe agus do dhaoine eile a dtéann gnó na Seirbhíse Cúirteanna i bhfeidhm orthu.

## RÁITEAS BEARTAIS GINEARÁLTA

Tá dualgas ar fhostóirí de réir Alt 20 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 (ar a dtabharfar "an tAcht" ina dhiaidh seo) ráiteas a ullmhú i scríbhinn dar teideal Ráiteas Sábháilteachta, bunaithe ar na guaiseacha a aithint agus an measúnú riosca a rinneadh faoi alt 19 den Acht, a shonraíonn an bealach ina ndéantar sábháilteacht, sláinte agus leas na bhfostaithe a chosaint agus a bhainistiú. Ullmhaíodh an Ráiteas Sábháilteachta de réir fhorálacha an Achta agus ár luaite ar leathanach 4.


Tá an tSeirbhís Chúirteanna tiomanta do na nithe seo a leanas

- Sábháilteacht, sláinte agus leas fhostaithe uile na Seirbhíse Cúirteanna a chosaint, chomh maith le daoine eile a d'fhéadfadh gnó na Seirbhíse Cúirteanna dul i gcion orthu.
- Cloí leis an reachtaíocht ábhartha uile maidir le Sláinte agus Sábháilteacht
- Faisnéis, treoir agus oiliúint, atá oiriúnach agus dóthanach, a sholáthar do na fostaithe go léir
- Deimhin a dhéanamh de go gcuirfear an Ráiteas Sábháilteachta um Beartas Corparáideach seo in iúl do na fostaithe uile agus d'aon duine eile a d'fhéadfadh sé dul i gcion air/uirthi
- Socruithe a dhéanamh ionas go mbeidh na fostaithe uile agus a n-ionadaithe in ann saincheistean sábháilteachta, sláinte agus leasa a ardú leis an mbainistíocht
- Cur ar chumas bainisteoirí bheith freagrach as córais oibre shábháilte a chinntiú agus maoirseacht a dhéanamh orthu
- Daoine inniúla a sholáthar, comhairleoirí san áireamh nuair is gá sin, chun cabhrú leis an tSeirbhís Chúirteanna sábháilteacht, sláinte agus leas na bhfostaithe go léir a chinntiú
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an Ráiteas Sábháilteachta um Beartas Corparáideach go bliantúil agus ag am ar bith eile a mbíonn gá lena leithéid, agus leasú a dhéanamh air nuair is cuí
- Na hacmhainní airgeadais agus foirne a sholáthar atá riachtanach chun monatóireacht, forfheidhmiú agus athbhreithniú a dhéanamh ar shaincheistean beartais shábháilteachta, shláinte agus leasa
- Ráiteas Sábháilteachta Coimhdeach a ullmhú agus athbhreithniú a dhéanamh air go bliantúil agus nuair is gá sin, ina mbeidh plean aslonnaithe éigeandála, maidir le gach foirgneamh de chuid na Seirbhíse Cúirteanna

Tá sonraí sa Ráiteas Sábháilteachta um Beartas Corparáideach seo ar an gclár bainistíochta sábháilteachta agus ar na socruithe ginearálta maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair laistigh den tSeirbhís Chúirteanna.

Leagfar amach sonraí na socruithe sábháilteachta a bhaineann le foirgnimh ar leith i Ráitis Sábháilteachta Choimhdeacha ar leith.

SÍNITHE:

  
P. J. Fitzpatrick  
Chief Executive Officer

DÁTAITHE: 15<sup>ú</sup> Aibreán, 2008

## **AN CLÁR BAINISTÍOCHTA UM SHÁBHÁILTEACHT, SHLÁINTE AGUS LEAS**

Is iad seo a leanas gnéithe Chlár Bainistíochta um Shábháilteacht, Shláinte agus Leas na Seirbhíse Cúirteanna (ar a dtabharfar "an Clár" ina dhiaidh seo)

- ⇒ Beartas sábháilteachta, sláinte agus leasa a fhorbairt agus athbhreithniú a dhéanamh air
- ⇒ Leithdháileadh freagrachtaí maidir le saincheisteanna sábháilteachta, sláinte agus leasa
- ⇒ Leithdháileadh acmhainní airgeadais agus foirne chun an Clár a riar
- ⇒ Oiliúint bhunúsach a chur ar fáil do na fostaithe go léir agus oiliúint bhreise a aithint agus a sholáthar nuair is gá agus is cuí
- ⇒ Comhairliú le fostaithe a éascú ar shaincheisteanna sábháilteachta, sláinte agus leasa
- ⇒ Rochtain a thabhairt do na fostaithe go léir ar fhaisnéis reatha maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas
- ⇒ Ionadaithe Sábháilteachta a éascú i gcomhlíonadh a gcuid dualgas
- ⇒ Ráitis Sábháilteachta Choimhdeacha atá sainiúil don suíomh a ullmhú

### **EAGRAÍOCHT AGUS FREAGRACHTAÍ**

Tugann an chairt eagraíochta ag Aguisín 1 sonraí faoin bhFoireann Bainistíochta Shinsearach agus faoi phríomhphearsanra eile a mbeidh baint acu le forfheidhmiú agus athbhreithniú an Chláir agus monatóireacht a dhéanamh air.

### **FREAGRACHT NA BAINISTÍOCHTA**

Is é dualgas an Phríomh-Oifigigh Feidhmiúcháin, na Foirne Bainistíochta Sinsearaí agus an phríomhphearsanra eile atá liostaithe in Aguisín 1 ná sábháilteacht, sláinte agus leas fostaithe agus gach duine eile a d'fhéadfadh gnó na Seirbhíse Cúirteanna dul i gcion orthu a chinntiú, a oiread agus is inoibrithe sin le réasún.

Is é an Ceann Oifige/Bainisteoir Oifige atá freagrach ó lá go lá as deimhin a dhéanamh de go gcloíonn gníomhaíochtaí agus oibríochtaí na Seirbhíse Cúirteanna le riachtanais na reachtaíochta sábháilteachta, sláinte agus leasa.

## **CUID 2: DUALGAIS AGUS FREAGRACHTAÍ**

PRÍOMH-OIFIGEACH FEIDHMIÚCHÁIN

AN FHOIREANN BAINISTÍOCHTA

AN COISTE MONATÓIREACHTA UM SHÁBHÁILTEACHT

STIÚRTHÓIRÍ

AN COMHORDAITHEOIR SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA

AN BAINISTEOIR OILIÚNA

BAINISTEOIRÍ RÉIGIÚNACHA

CINN OIFIGE/BAINISTEOIRÍ OIFIGE

FOSTAITHE

## **PRÍOMH-OIFIGEACH FEIDHMIÚCHÁIN**

Luíonn an fhreagracht deiridh iomlán as sábháilteacht, sláinte agus leas na bhfostaithe agus iad siúd a bhfuil gnó dlisteanach acu i bhfoirgneamh ar bith de chuid na Seirbhíse Cúirteanna leis an bPríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin, agus mar sin is é/í siúd atá freagrach faoi dheoidh as riaradh an Chláir.

### **Freagrachtaí:**

- ▶ Comhlíonadh na reachtaíochta sábháilteachta, sláinte agus leasa a chinntiú
- ▶ Deimhin a dhéanamh de go bhfuil clár bainistíochta éifeachtach um shábháilteacht, shláinte agus leas ag an tSeirbhís Chúirteanna
- ▶ Athbhreithnithe tréimhsiúla ar an gClár a chinntiú
- ▶ Deimhin a dhéanamh de go bhfuil cúrsaí sábháilteachta, sláinte agus leasa mar chuid lárnach den Chlár
- ▶ Deimhin a dhéanamh de go bhfuil socruithe ann chun comhairliú le fostaithe agus/nó a n-ionadaithe a éascú
- ▶ Deimhin a dhéanamh de go soláthraítear acmhainní airgeadais agus foirne leormhaithe chun monatóireacht, forfheidhmiú agus athbhreithniú a dhéanamh ar an gClár



## AN FHOIREANN BAINISTÍOCHTA

Tarmligeann an Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin an fhreagracht as monatóireacht, forfheidhmiú agus athbhreithniú a dhéanamh ar shaincheisteanna sábháilteachta, sláinte agus leasa ar fud na Seirbhíse Cúirteanna chuig na Stiúrthóirí agus na Bainisteoirí seo a leanas –

Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha	Brendan Ryan
An Comhordaitheoir Sláinte agus Sábháilteachta	Eva Font
An Stiúrthóir Acmhainní Daonna	Olive Caulfield (Gníomhach)
An Bainisteoir Oiliúna	Terry Agnew
An Stiúrthóir Airgeadais	Sean Quigley
An Príomh-Chláráitheoir agus Stiúrthóir Oibríochtaí, an Ard-Chúirt agus an Chúirt Uachtarach	Nuala McLoughlin
An Stiúrthóir Oibríochtaí, an Chúirt Chuarda agus an Chúirt Dúiche	Margaret O’Neill (Gníomhach)
An Stiúrthóir Athchóirithe agus Forbartha	Noel Rubotham
An Stiúrthóir Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide	John Coyle
Ceann Aonad na bhFoirgneamh, Réigiún Bhaile Átha Cliath	Frank Lyons
Ceann na nEastát agus na bhFoirgneamh	Shay Kirk
Bainisteoir Réigiúnach, Réigiún an Deiscirt	Eamonn Kiely
Bainisteoir Réigiúnach, Réigiún an Oirthir	Gerard Nugent
Bainisteoir Réigiúnach, Réigiún an Láir Tíre	Barry Conroy
Bainisteoir Réigiúnach, Réigiún an Tuaiscirt	Paula Lyons
Bainisteoir Réigiúnach, Réigiún an Iarthair	Brendan J. MacDonald

## AN COISTE MONATÓIREACHTA UM SHÁBHÁILTEACHT

Cuimsíonn ról an Choiste Monatóireachta um Shábháilteacht:

- ⇒ beartais shábháilteachta, shláinte agus leasa nua a bhunú agus monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh orthu
- ⇒ deimhin a dhéanamh de go bhfuil Ráitis Sábháilteachta Choimhdeacha ar bun maidir le gach láthair agus go ndéantar athbhreithniú orthu go bliantúil agus nuair is gá sin
- ⇒ deimhin a dhéanamh de go mbunaítear fochoiste Comhpháirtíochta um Shláinte agus Shábháilteacht do gach Réigiún agus go dtagann siad le chéile agus go bhfeidhmíonn siad go rialta
- ⇒ é féin a shásamh go bhfuil clár oiliúna cuí agus seisiúin feasachta um shábháilteacht, shláinte agus leas ar bun
- ⇒ comhairliú leis an gCoiste Lárnach Comhpháirtíochta ar thograí ar bith maidir le beartas a chruthú nó a athrú

Cuimseoidh an Coiste:

an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha (Comhordaitheoir)

an Stiúrthóir Acmhainní Daonna

an Stiúrthóir Oibríochtaí, an Chúirt Chuarda agus an Chúirt Dúiche

an Príomh-Chláraitheoir agus Stiúrthóir Oibríochtaí, an Ard-Chúirt agus an Chúirt Uachtarach

an Príomh-Oifigeach, Aonad na bhFoirgneamh, Réigiún Bhaile Átha Cliath

Ceann na nEastát agus na bhFoirgneamh

Bainisteoir Réigiúnach amháin\*

an Comhordaitheoir Sláinte agus Sábháilteachta

beirt Ionadaithe Sábháilteachta\*

agus duine ar bith eile a d'fhéadfadh an coiste a chinneadh.

*\* Téarma oifige dhá bhliain*

Ba chóir don choiste bualadh go ráithiúil nó níos minice de réir mar is gá.

## AN STIÚRTHÓIR SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

### Freagrachtaí:

- ▶ Monatóireacht, forfheidhmiú agus athbhreithniú ar an gClár a chinntiú
- ▶ Maoirseacht a dhéanamh ar obair an Chomhordaitheora Sláinte agus Sábháilteachta
- ▶ Comhordú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na ndaoine atá bainteach le monatóireacht, forfheidhmiú agus athbhreithniú a dhéanamh ar an gClár
- ▶ Comhordú a dhéanamh ar an gCoiste Monatóireachta um Shábháilteacht
- ▶ Beartais a fhorbairt maidir leis an gClár
- ▶ An Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin a chur ar an eolas i leith saincheisteanna maidir leis an gClár a bhfuil leasú ar an mbeartas ag teastáil ina leith
- ▶ Deimhin a dhéanamh de go gcuirtear an Ráiteas Sábháilteachta um Beartas Corparáideach agus aon leasuithe in iúl don fhoireann go léir
- ▶ Tuarascáil Bhliantúil a chur faoi bhráid an Phríomh-Oifigigh Fheidhmiúcháin ar fhorfheidhmiú an Chláir
- ▶ Scaipeadh an Ráitis Sábháilteachta um Beartas Corparáideach, na Ráiteas Coimhdeach agus an doiciméadú ábhartha eile a éascú, i bhfoirm leictreonach agus i gcóip chrua araon, ar fhostaithe agus bhail uile na breithiúna
- ▶ Deimhin a dhéanamh de go gcuirtear cúrsaí sábháilteachta, sláinte agus leasa san áireamh ar an gclár oibre do na cruinnithe bainistíochta/foirne go léir ina Stiúrthóireacht féin
- ▶ Freastal na bhfostaithe go léir ina (h)Oifig Stiúrthóireachta ar chúrsaí oiliúna cuí maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas a éascú
- ▶ Deimhin a dhéanamh de go ndéantar gach timpiste/eachtra a tharlaíonn ina (h)Oifig Stiúrthóireachta a thuairisciú chuig Ceann Aonad na bhFoirgneamh, Réigiún Bhaile Átha Cliath

## AN COMHORDAITHEOIR SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA

### Freagrachtaí

- ▶ Cabhrú leis an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha chun monatóireacht, forfheidhmiú agus athbhreithniú a dhéanamh ar an gClár
- ▶ Comhairle a chur ar an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha agus ar Bhainisteoirí Réigiúnacha maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas sa láthair oibre
- ▶ Idirchaidreamh le Stiúrthóirí, Bainisteoirí Réigiúnacha, sainghníomhaireachtaí agus gníomhaireachtaí tríú páirtí de réir mar is gá
- ▶ Reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta a léiriú agus comhairle a chur ar an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha agus an Coiste Monatóireachta um Shábháilteacht dá réir sin
- ▶ Tuairiscí rialta a thabhairt don Choiste Monatóireachta um Shábháilteacht
- ▶ Bealaí a mholadh chun Feidhmíocht Sábháilteachta a fheabhsú
- ▶ Clár Feasachta Sábháilteachta a chur chun cinn agus a chothú
- ▶ Cumarsáid Sláinte agus Sábháilteachta a fheabhsú laistigh den tSeirbhís Chúirteanna
- ▶ Idirchaidreamh leis an mBainisteoir Oiliúna i gClár Oiliúna um Shláinte agus Shábháilteacht a phleanáil agus a cheapadh
- ▶ Comhairle a chur ar Bhainisteoirí Réigiúnacha maidir le Ráitis Sábháilteachta Choimhdeacha a ullmhú agus athbhreithniú a dhéanamh orthu
- ▶ Foirmeacha tuairisce ar thimpiste ábhartha a chomhlánú agus a chur ar aghaidh chuig an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, áit a bhfuil a leithéid de thuairiscithe éigeantach
- ▶ Cabhrú leis an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha chun faisnéis a ullmhú le cur san áireamh sa Tuarascáil Bhliantúil

## AN STIÚRTHÓIR ACHMHAINNÍ DAONNA

### Freagrachtaí:

- ▶ Deimhin a dhéanamh de go bhfaigheann gach fostaí nua cóip den Ráiteas Sábháilteachta Coimhdeach maidir leis an bhfoirgneamh dá bhfuil sé/sí sannta
- ▶ Deimhin a dhéanamh de, tríd an mBainisteoir Oiliúna, go gcuirtear clár oiliúna cuimsitheach um shábháilteacht, shláinte agus leas ar fáil d'fhostaithe
- ▶ É/Í féin a choimeád go hiomlán ar an eolas faoi fhorbairtí reachtúla agus eile maidir le saincheistanna sábháilteachta, sláinte agus leasa i leith fostaithe
- ▶ Aon athruithe pearsanra a bhíonn ina gcúis le leasú a dhéanamh ar an Ráiteas Beartais Chorporáideach nó ar an Ráiteas Sábháilteachta Coimhdeach a chur in iúl don Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha
- ▶ Deimhin a dhéanamh de go bhfuil acmhainní foirne leordhóthanacha ar fáil chun monatóireacht, forfheidhmiú agus athbhreithniú cuí a dhéanamh ar an gClár
- ▶ Deimhin a dhéanamh de go gcuirtear cúrsaí sábháilteachta, sláinte agus leasa san áireamh ar an gclár oibre do na cruinnithe bainistíochta/foirne go léir ina Stiúrthóireacht féin
- ▶ Freastal na bhfostaithe go léir ina (h)Oifig Stiúrthóireachta ar chúrsaí oiliúna cuí maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas a éascú
- ▶ Deimhin a dhéanamh de go ndéantar gach timpiste/eachtra a tharlaíonn ina (h)Oifig Stiúrthóireachta a thuairisciú chuig Ceann Aonad na bhFoirgneamh, Réigiún Bhaile Átha Cliath

## **AN BAINISTEOIR OILIÚNA**

### **Freagrachtaí:**

- ▶ Idirchaidreamh leis an gComhordaitheoir Sláinte agus Sábháilteachta i gclár oiliúna um shláinte agus sábháilteacht a phleanáil agus a cheapadh
- ▶ Riachtanais oiliúna na foirne a mheas agus a chomhordú agus comhairle a chur ar an Stiúrthóir Acmhainní Daonna ina leith
- ▶ Cúrsaí oiliúna a sholáthar ar nósanna imeachta sábháilteachta d'fhostaithe nua agus d'fhostaithe atá ann cheana féin nuair is cuí
- ▶ Oiliúint bhunúsach a chur ar fáil do na fostaithe go léir agus oiliúint bhreise a aithint agus a sholáthar nuair is gá agus is cuí
- ▶ An dáileadh acmhainní bliantúil d'oiliúint sábháilteachta, sláinte agus leas a mheas.

## **AN STIÚRTHÓIR AIRGEADAIS**

### **Freagrachtaí:**

- ▶ Na riachtanais buiséid d'fhorfheidhmiú an Chláir a mheas, i gcomhar leis na Bainisteoirí Réigiúnacha
- ▶ Acmhainní leordhóthanacha a dháileadh chun forfheidhmiú an Chláir a chinntiú
- ▶ Deimhin a dhéanamh de go gcuirtear cúrsaí sábháilteachta, sláinte agus leasa san áireamh ar an gclár oibre do na cruinnithe bainistíochta/foirne go léir ina Stiúrthóireacht féin
- ▶ Freastal na bhfostaithe go léir ina (h)Oifig Stiúrthóireachta ar chúrsaí oiliúna cuí maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas a éascú
- ▶ Deimhin a dhéanamh de go ndéantar gach timpiste/eachtra a tharlaíonn ina (h)Oifig Stiúrthóireachta a thuairisciú chuig Ceann Aonad na bhFoirgneamh, Réigiún Bhaile Átha Cliath

**AN PRÍOMH-CHLÁRAITHEOIR AGUS STIÚRTHÓIR OIBRÍOCHTAÍ, AN ARD-CHÚIRT  
AGUS AN CHÚIRT UACHTARACH**

**Freagrachtaí:**

- ▶ Deimhin a dhéanamh de go gcuirtear cúrsaí sábháilteachta, sláinte agus leasa san áireamh ar an gclár oibre do na cruinnithe bainistíochta/foirne go léir ina Stiúrthóireacht féin agus sa réimse oibríochta as a bhfuil siad freagrach
- ▶ Freastal na bhfostaithe go léir ina (h)Oifig Stiúrthóireachta ar chúrsaí oiliúna cuí maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas a éascú
- ▶ Deimhin a dhéanamh de go ndéantar gach timpiste/eachtra a tharlaíonn ina (h)Oifig Stiúrthóireachta a thuairisciú chuig Ceann Aonad na bhFoirgneamh, Réigiún Bhaile Átha Cliath



## **AN STIÚRTHÓIR OIBRÍOCHTAÍ, AN CHÚIRT CHUARDA AGUS AN CHÚIRT DÚICHE**

### **Freagrachtaí:**

- ▶ Deimhin a dhéanamh de go gcuirtear cúrsaí sábháilteachta, sláinte agus leasa san áireamh ar an gclár oibre do na cruinnithe bainistíochta/foirne go léir ina Stiúrthóireacht féin agus sa réimse oibríochta as a bhfuil siad freagrach
- ▶ Freastal na bhfostaithe go léir ina (h)Oifig Stiúrthóireachta ar chúrsaí oiliúna cuí maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas a éascú
- ▶ Deimhin a dhéanamh de go ndéantar gach timpiste/eachtra a tharlaíonn ina (h)Oifig Stiúrthóireachta a thuairisciú chuig Ceann Aonad na bhFoirgneamh, Réigiún Bhaile Átha Cliath

## **AN STIÚRTHÓIR ATHCHÓIRITHE AGUS FORBARTHA**

### **Freagrachtaí:**

- ▶ Deimhin a dhéanamh de go gcuirtear cúrsaí sábháilteachta, sláinte agus leasa san áireamh ar an gclár oibre do na cruinnithe bainistíochta/foirne go léir ina Stiúrthóireacht féin
- ▶ Freastal na bhfostaithe go léir ina (h)Oifig Stiúrthóireachta ar chúrsaí oiliúna cuí maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas a éascú
- ▶ Deimhin a dhéanamh de go ndéantar gach timpiste/eachtra a tharlaíonn ina (h)Oifig Stiúrthóireachta a thuairisciú chuig Ceann Aonad na bhFoirgneamh, Réigiún Bhaile Átha Cliath

## **AN STIÚRTHÓIR TEICNEOLAÍOCHTA FAISNÉISE AGUS CUMARSÁIDE**

### **Freagrachtaí:**

- ▶ Deimhin a dhéanamh de go gcuirtear cúrsaí sábháilteachta, sláinte agus leasa san áireamh ar an gclár oibre do na cruinnithe bainistíochta/foirne go léir ina Stiúirthóireacht féin
- ▶ Freastal na bhfostaithe go léir ina (h)Oifig Stiúirthóireachta ar chúrsaí oiliúna cuí maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas a éascú
- ▶ Deimhin a dhéanamh de go ndéantar gach timpiste/eachtra a tharlaíonn ina (h)Oifig Stiúirthóireachta a thuairisciú chuig Ceann Aonad na bhFoirgneamh, Réigiún Bhaile Átha Cliath

## **BAINISTEOIRÍ RÉIGIÚNACHA (LENA N-ÁIRÍTEAR CEANN AONAD NA BHFOIRGNEAMH, RÉIGIÚN BHAILE ÁTHA CLIATH)**

### **Freagrachtaí:**

- ▶ Maoirseacht a dhéanamh ar fhorfheidhmiú an Chláir ina Réigiún féin i gcomhoibriú leis an gComhordaitheoir Sláinte agus Sábháilteachta
- ▶ Deimhin a dhéanamh de go ndéantar freagracht as saincheisteanna sábháilteachta, sláinte agus leasa i ngach oifig/foirgneamh ina Réigiún a shannadh go cuí agus a chur in iúl don Chomhordaitheoir Sláinte agus Sábháilteachta
- ▶ Deimhin a dhéanamh de go n-ullmhaíonn Cinn Oifige/Bainisteoirí Oifige Ráitis Sábháilteachta Choimhdeacha maidir leis na foirgnimh go léir atá in úsáid ina Réigiún
- ▶ Athbhreithniú a dhéanamh ar na Ráitis Sábháilteachta Choimhdeacha maidir lena Réigiún go bliantúil agus nuair is gá sin, i gcomhar leis an gComhordaitheoir Sláinte agus Sábháilteachta
- ▶ Deimhin a dhéanamh de go gcuirtear cúrsaí sábháilteachta, sláinte agus leasa san áireamh ar an gclár oibre do na cruinnithe bainistíochta/foirne go léir ina (h)oifig
- ▶ Gach tuairisc ar thimpiste/eachtra a chur ar aghaidh chuig an gComhordaitheoir Sláinte agus Sábháilteachta
- ▶ Athbhreithniú a dhéanamh ar na tuairiscí go léir a fhaightear ar thimpistí/eachtraí agus gníomh cuí a ghlacadh lena n-áirítear athbhreithniú a dhéanamh ar an Ráiteas Sábháilteachta Coimhdeach ábhartha
- ▶ Na riachtanais buiséid d'fhorfheidhmiú an Chláir ina Réigiún a mheas, i gcomhar le Cinn Oifige/Bainisteoirí Oifige
- ▶ Ábhar a chomhordú le haghaidh na Tuarascála Bliantúla don Phríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin agus é a chur ar aghaidh chuig an gComhordaitheoir Sláinte agus Sábháilteachta
- ▶ Freastal na bhfostaithe go léir ina (h)oifig ar chúrsaí oiliúna cuí maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas arna n-eagrú ag an mBainisteoir Oiliúna a éascú
- ▶ Deimhin a dhéanamh de go gcomhlíontar caighdeáin shábháilteachta, shláinte agus leasa nuair atá oibreacha cothabhála/athchóirithe/tógála á eagrú ina Réigiún

## CINN OIFIGE/BAINISTEOIRÍ OIFIGE

Luíonn an phríomhfhreagracht as deimhin a dhéanamh de go gcloítear le nósanna imeachta sábháilteachta, sláinte agus leasa sa láthair oibre ó lá go lá le gach Ceann Oifige/Bainisteoir Oifige ar leith agus tabharfar an tOifigeach Sábháilteachta air/uirthi.

*[Áit a bhfuil nós mó ná Oifig amháin de chuid na Seirbhíse Cúirteanna i bhfoirgneamh, sannfaidh an Bainisteoir Réigiúnach Ceann Oifige/Bainisteoir Oifige ón bhfoirgneamh sin le bheith ina (h)Oifigeach Sábháilteachta agus beidh sé/sí freagrach go hiomlán as saincheisteanna Sláinte agus Sábháilteachta san fhoirgneamh sin nó d'fhéadfadh sé/sí an fhreagracht sin a ghlacadh air/uirthi féin].*

### Freagrachtaí:

- ▶ Measúnú riosca a dhéanamh i ngach foirgneamh agus/nó cuid d'fhoirgneamh ina réimse freagrachta agus deimhin a dhéanamh de, i gcomhar leis an mBainisteoir Réigiúnach, go gcuirfear aon bearta rialaithe riachtanacha ar bun
- ▶ Ráiteas Sábháilteachta Coimhdeach (nósanna imeachta éigeandála agus aslonnaithe san áireamh) a ullmhú do gach foirgneamh agus/nó cuid d'fhoirgneamh ina réimse freagrachta agus comhaontú a fháil ón mBainisteoir Réigiúnach ar gach ráiteas
- ▶ Deimhin a dhéanamh de go bhfaigheann gach fostaí sa láthair oibre cóip den Ráiteas Sábháilteachta um Beartas Corparáideach seo agus den Ráiteas Sábháilteachta Coimhdeach ábhartha
- ▶ Gach fostaí sa láthair oibre a chur ar an eolas faoi na socrúithe sláinte agus sábháilteachta don réimse ina oibríonn siad
- ▶ Deimhin a dhéanamh de go gcuirtear saincheisteanna sábháilteachta, sláinte agus leasa san áireamh ar an gclár oibre do na cruinnithe bainistíochta/foirne go léir
- ▶ Deimhin a dhéanamh de, i gcomhar leis an mBainisteoir Réigiúnach, go ndéantar trealamh sábháilteachta a chothabháil go cuí
- ▶ Imscrúdú a dhéanamh ar thimpistí/eachtraí agus tuairiscí a chur ar aghaidh chuig an mBainisteoir Réigiúnach
- ▶ Déileáil go díreach leis na hIonadaithe Sábháilteachta áitiúla agus gníomh a ghlacadh maidir le huirfíl a oiread agus is inoibrithe le réasún
- ▶ Caighdeáin agus nósanna imeachta sábháilteachta éigeandála agus dóiteáin a chothabháil
- ▶ Deimhin a dhéanamh de go gcoinnítear gach láthair oibre, bealach, staighre, pasáiste agus áit phoiblí saor ó bhaic agus go bhfuil bealach isteach agus amach sábháilte ann i gcónaí
- ▶ Deimhin a dhéanamh de go gcomhlíonann na cleachtais oibre ó lá go lá i bhfoirgnimh ina réimse freagrachta leis na caighdeáin shábháilteachta, shláinte agus leasa
- ▶ Deimhin a dhéanamh de, i gcomhar leis an mBainisteoir Réigiúnach, go ndéantar socrúithe leordhóthanacha chun fostaithe a chosaint
- ▶ Oiliúint/treoir leanúnach ar chleachtais oibre shábháilte a sholáthar d'fhostaithe laistigh dá láthair oibre
- ▶ Freastal na bhfostaithe ina (h)oifig ar chúrsaí oiliúna cuí maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas arna n-eagrú ag an mbainisteoir oiliúna a éascú
- ▶ Deimhin a dhéanamh de go comhlíontar dualgais fhostóirí thar ceann na Seirbhíse Cúirteanna, i leith daoine nach fostaithe iad, de réir mar a fhoráiltear san Acht (Féach Cuid 3)

## FOSTAITHE

### Dualgais ghinearálta fostaithe de bhun alt 13 den Acht

Beidh sé de dhualgas ar gach fostaí fad is atá sé/sí ag an obair -

- ▶ Cloí leis na forálacha reachtúla ábhartha, mar is cuí, agus cúram réasúnta a ghlacadh chun a s(h)ábháilteacht, s(h)láinte agus leas féin agus sábháilteacht, sláinte agus leas aon duine eile a d'fhéadfadh gníomhartha nó neamhghníomhartha an fhostaí ag an obair dul i gcion orthu a chosaint
  - ▶ Deimhin a dhéanamh de nach bhfuil sé/sí faoi bhrí meiscigh ag leibhéal a chruthaíonn baol dá s(h)ábháilteacht, s(h)láinte nó leas féin nó do shábháilteacht, shláinte nó leas dhuine ar bith eile sa láthair oibre
  - ▶ Comhoibriú lena f(h)ostóir nó le haon duine eile chomh fada agus is gá chun ligean dá f(h)ostóir nó don duine eile cloí leis na forálacha reachtúla ábhartha mar is cuí
  - ▶ Gan a bheith páirteach in iompar míchuí nó iompar eile a chuirfeadh a s(h)ábháilteacht, s(h)láinte nó leas ná sábháilteacht, sláinte nó leas dhuine eile i mbaol ag an obair
  - ▶ Freastal ar oiliúint, mar is cuí, agus dul faoi mheasúnú de réir mar a d'fhéadfadh a f(h)ostóir a éileamh go réasúnta nó mar a d'fhéadfadh a bheith forordaithe maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair nó maidir leis an obair a dhéanann an fostaí
  - ▶ Agus aird á thabhairt ar a c(h)uid oiliúna agus ar na treoracha a thugann a f(h)ostóir, úsáid cheart a bhaint as earra nó substaint ar bith a sholáthraíonn an fostaí le n-úsáid ag an obair nó chun a s(h)ábháilteacht, s(h)láinte nó leas a chosaint ag an obair, lena n-áirítear éadaí nó trealamh cosanta
  - ▶ Na nithe seo a leanas a thuairisciú dá f(h)ostóir nó do dhuine oiriúnach ar bith eile chomh luath agus is féidir –
    - (i) obair ar bith atá á dhéanamh, nó ar cosúil go ndéanfaí í, i mbealach a d'fhéadfadh baol a chruthú do shábháilteacht, shláinte nó leas an fhostaí nó dhuine ar bith eile ag an obair
    - (ii) locht ar bith sa láthair oibre, sna córais oibre, earra nó substaint ar bith a d'fhéadfadh baol a chruthú do shábháilteacht, shláinte nó leas an fhostaí nó dhuine ar bith eile ag an obair
    - (iii) sárú ar bith ar na forálacha reachtúla ábhartha a d'fhéadfadh baol a chruthú do shábháilteacht, shláinte agus leas an fhostaí nó dhuine ar bith eile ag an obair,
- a bhfuil ar eolas aige/aici.
- ▶ Gan chur isteach go meargánta ar fhearas, éadaí cosanta, áis, threalamh ná acmhainn nó rud ar bith a soláthraíodh de bhun cheann ar bith de na forálacha reachtúla ábhartha nó eile, chun sábháilteacht, sláinte nó leas daoine a chosaint i leith gníomhaíochtaí oibre, ná mí-úsáid a bhaint astu d'aonghnó

### **Beifear ag súil ó gach fostaí -**

- ▶ Go ndéanfadh sé/sí an Ráiteas Sábháilteachta um Beartas Corparáideach agus an Ráiteas Sábháilteachta Coimhdeach a bhaineann lena láthair oibre a léamh.
- ▶ Go gcomhoibredh sé/sí go hiomlán leis an gclár oiliúna um shábháilteacht, shláinte agus leas arna eagrú ag an mBainisteoir Oiliúna
- ▶ Go ndéanfadh sé/sí timpiste/eachtra ar bith sa láthair oibre a thuairisciú dá m(h)aoirseoir gan mhoill
- ▶ Go gcomhoibredh sé/sí le himscrúdú aon timpiste/eachtra sa láthair oibre

Má theipeann ar fhostaí a chuid freagrachtaí maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas a chomhlíonadh beidh sé/sí faoi réir gníomh araíonachta.

#### *Tabhair faoi deara:*

Sa doiciméad seo tá sé beartaithe go gciallóidh an focal "fostaí" gach duine atá fostaithe ag an tSeirbhís Chúirteanna, gan aird ar a g(h)rád.

**CUID 3: DUALGAIS AR FHOSTÓIRÍ I LEITH DAOINE NACH FOSTAITHE IAD**

PLÉANN AN CHUID SEO LE DUALGAIS AR FHOSTÓIRÍ I LEITH DAOINE NACH FOSTAITHE IAD AGUS BAINEANN SÉ GO HÁIRITHE LE CINN OIFIGE/BAINISTEOIRÍ OIFIGE AGUS IAD SIÚD A BHFUIL BAINTE ACU LE SOLÁTHAR.

DAOINE NACH FOSTAITHE IAD  
CONRAITHEOIRÍ/BAILL FOIRNE GNÍOMHAIREACHTA  
DÉANTÓIRÍ AGUS SOLÁTHRAITHE



## **DAOINE NACH FOSTAITHE IAD**

Forálann Alt 12 den Acht go ndéanfaidh gach fostóir a g(h)nóthas a bhainistiú agus a stiúradh i mbealach a chinnteoidh, a oiread agus is inoibrithe le réasún, nach nochtfar daoine sa láthair oibre (nach fostaithe an ghnóthais iad) do bhaol dá sábháilteacht, sláinte ná leas, fad is atáthar i mbun oibre

De réir Alt 20 ní mór do gach fostóir an Ráiteas Sábháilteachta a chur faoi bhráid daoine sa láthair oibre, nach fostaithe iad, a d'fhéadfadh a bheith nochta do bhaol lena mbaineann an ráiteas sábháilteachta.

## **CONRAITHEOIRÍ / BAILL FOIRNE GNÍOMHAIREACHTA**

Ní dhámhfaidh an tSeirbhís Chúirteanna conarthaí ar chonraitheoirí ná ar bhaill foirne gníomhaireachta nach bhfuil inniúil ó thaobh sláinte agus sábháilteachta de.

Maidir leis seo, déanfar iniúchadh oiriúnachta ar gach conraitheoir agus ball foirne gníomhaireachta sula gceapfar iad chun oibreacha a dhéanamh. Dá réir sin, beidh ar na conraitheoirí agus ar na baill foirne gníomhaireachta uile doiciméadú a chur isteach maidir lena mbeartas sláinte agus sábháilteachta, taifid oiliúna agus cóipeanna de mheasúnuithe riosca ábhartha i leith na hoibre atá le déanamh.

Beidh ar gach conraitheoir agus baill foirne gníomhaireachta ar a ndámhann an tSeirbhís Chúirteanna conarthaí cloí leis an reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta ábhartha agus deimhin a dhéanamh de go gcloíonn a gcuid fostaithe agus fochonraitheoirí léi chomh maith.

## DÉANTÓIRÍ AGUS SOLÁTHRAITHE

De réir Alt 16 den Acht, ní mór do dhuine a dhearann, a dhéanann, a allmhairíonn nó a sholáthraíonn earra ar bith le húsáid sa láthair oibre

- (a) a chinntiú, a oiread agus is inobrithe, gur dearadh agus go ndearnadh an t-earra –
  - (i) le bheith sábháilte agus gan riosca a bheith ann don tsláinte nuair a úsáideann duine i gceart é i mbun oibre, agus
  - (i) le cloí leis na forálacha reachtúla ábhartha agus le forálacha aon achtachán ábhartha a fhorfheidhmíonn treoir ábhartha ón gComhphobal Eorpach
- (b) a chinntiú go ndéantar leibhéal chuí tástála agus scrúdaithe ar an earra lena chinntiú go gcloíonn sé le halt (a)
- (c) faisnéis leordhóthanach a sholáthar, nó a soláthar a eagrú, faoin earra do na daoine lena soláthraítear é lena chinntiú go mbainfear úsáid as go sábháilte
- (d) a chinntiú go soláthraítear aon leasuithe ar an bhfaisnéis a soláthraíodh faoi (c) do na daoine a soláthraíodh an t-earra dóibh, de réir mar is gá agus é tagtha le fios go mbaineann riosca don tsábháilteacht nó don tsláinte le gné ar bith a bhaineann leis an earra
- (e) an t-earra a choimeád i mbail shábháilte agus i gcomhréir leis na forálacha reachtúla ábhartha, má tá freagracht ar an duine sin faoi chomhaontú cíosa, léasa nó eile a leithéid a dhéanamh
- (f) cloí leis na forálacha reachtúla ábhartha

*(Ba chóir do Chinn Oifige/Bhainisteoirí Oifige a chinntiú go gcuirfear aon fhaisnéis dá leithéid a fhaightear ar fáil do na fostaithe ábhartha uile)*

## **CUID 4: COMHAIRLIÚ AGUS FAISNÉIS**

IONADAITHE SÁBHÁILTEACHTA

COISTÍ COMHAIRLIÚCHÁIN

FAISNÉIS REACHTAÍOCHTA

OILIÚINT SÁBHÁILTEACHTA

ACMHAINNÍ

GARCHABHAIR

TUAIRISCIÚ AR THIMPISTÍ

SLÁINTE AGUS LEAS

SOCRUITHE AR LEITH

## **IONADAÍ SÁBHÁILTEACHTA**

Faoi alt 26 den Acht, tá sé de cheart ag fostaithe uiríll a dhéanamh lena bhfostóir agus dul i gcomhairle leis/léi faoi chúrsaí sábháilteachta, sláinte agus leasa ina láthair oibre.

Is féidir leo freisin, faoi Alt 25, ó am go chéile, Ionadaí Sábháilteachta a roghnú agus a cheapadh as an líon ag a láthair oibre, nó trí chomhaontú lena bhfostóir, níos mó ná Ionadaí Sábháilteachta amháin, chun ionadaíocht a dhéanamh thar a gceann i gcomhairliúcháin lena bhfostóir.

Faoi réir alt 25 den Acht, mar sin, déanfaidh an tSeirbhís Chúirteanna -

- ⇒ Aon uiríll a dhéanann ionadaithe sábháilteachta maidir le sláinte agus sábháilteacht a bhreithniú agus aon ghníomh a bheartaíonn sí a bheith riachtanach nó oiriúnach a ghlacadh maidir leis na huiríll sin, a oiread agus is inoibrithe le réasún
- ⇒ roghnú Ionadaithe Sábháilteachta sa láthair oibre a éascú
- ⇒ foráil chun oiliúint sláinte agus sábháilteachta leordhóthanach a chur ar Ionadaithe Sábháilteachta
- ⇒ é a chur in iúl don Ionadaí Sábháilteachta nuair atá cigire chun turas cigireachta a dhéanamh
- ⇒ cur ar chumas Ionadaithe Sábháilteachta iniúchtaí a dhéanamh ar an láthair oibre agus imscrúdú a dhéanamh ar thimpistí agus ghearáin
- ⇒ cur ar chumas Ionadaithe Sábháilteachta uiríll a dhéanamh leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta maidir le cúrsaí sábháilteachta, sláinte agus leasa
- ⇒ cead a thabhairt d'Ionadaithe Sábháilteachta gabháil in éineacht le cigirí ón Údarás Sláinte agus Sábháilteachta ar thuras cigireachta, ach amháin turas cigireachta chun imscrúdú a dhéanamh ar thimpiste ach sa chás go gceadaíonn an cigire a leithéid dá rogha féin
- ⇒ cead a thabhairt don Ionadaí Sábháilteachta freastal ar agallaimh idir an chigire agus na fostaithe, maidir le timpiste nó eachtra dainséarach sa láthair oibre, má cheadaíonn an cigire a leithéid dá rogha féin agus má iarrann an fostaí é
- ⇒ cur ar chumas Ionadaithe Sábháilteachta dul i gcomhairle agus idirphlé a dhéanamh ar chúrsaí sábháilteachta, sláinte agus leasa ag an obair le hionadaí sábháilteachta ar bith eile

Beidh ainmneacha na nIonadaithe Sábháilteachta uile ar gach Ráiteas Coimhdeach

**Ní féidir le fostóir pionós a ghearradh ar fhostaí as bheith ina (h)Ionadaí Sábháilteachta**

## **COISTÍ COMHAIRLIÚCHÁIN**

Cuireann alt 26 den Acht dualgas ar an bhfostóir dul i gcomhairle lena f(h)ostaithe chun socruithe a dhéanamh agus a choimeád a ligeann don fhostóir agus do na fostaithe comhoibriú chun sábháilteacht, sláinte agus leas a chur chun cinn agus a fhorbairt agus chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart sin.

Bunóidh gach Coiste Comhpháirtíochta Réigiúnach Fochoiste Sláinte agus Sábháilteachta ar mhaithe le comhairliú ar shábháilteacht, shláinte agus leas fhostaithe ag an obair.

## **FAISNÉIS REACHTAÍOCHTA**

Is féidir liosta de na Rialacháin Sábháilteachta agus Sláinte a tugadh isteach ó tháinig an tAcht i bhfeidhm, a fháil ó láithreán gréasáin an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta <http://www.hsa.ie/>

Chomh maith leis sin, beidh faisnéis maidir le Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ar fáil ar Inlíon na Seirbhíse Cúirteanna.

## **ACMHAINNÍ**

Admhaíonn an tSeirbhís Chúirteanna go mbraitheann forfheidhmiú chlár sábháilteachta rathúil ar acmhainní leordhóthanacha foirne agus airgeadais a bheith ar fáil. Tá sé mar bheartas na Seirbhíse Cúirteanna a leithéid d'acmhainní a chur ar fáil.

## **OILIÚINT SÁBHÁILTEACHTA**

Tá an tSeirbhís Chúirteanna tiomanta do bheartas chun oiliúint leanúnach a sholáthar ar shaincheisteanna sábháilteachta, sláinte agus leasa.

Cuirfear oiliúint bhunúsach ar shábháilteacht, shláinte agus leas ar fáil do na fostaithe go léir. Déanfar riachtanais oiliúna na ndaoine a bhfuil freagrachtaí ar leith acu as sábháilteacht, sláinte agus leas a phlé chomh maith. Beidh oiliúint d'fhostaithe i ngráid bhainistíochta agus Ionadaithe Sábháilteachta san áireamh anseo.

Eagróidh an Bainisteoir Oiliúna oiliúint ar shábháilteacht, shláinte agus leas do na fostaithe nua go léir mar chuid dá n-oiliúint ionducthúcháin.

Ba chóir do Chinn Oifige/Bhainisteoirí Oifige oiliúint/treoir leanúnach a sholáthar d'fhostaithe ar chleachtais oibre shábháilte laistigh dá láthair oibre.

## GARCHABHAIR

Leagtar amach na riachtanais Gharchabhrach i gCuid 7 Caibidil 2 de na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta), 2007 (I.R. Uimh. 299 de 2007). Tá an tSeirbhís Chúirteanna tiomanta deimhin a dhéanamh de go bhfuil trealamh Garchabhrach leordhóthanach agus oiriúnach ar fáil agus á chothabháil ag gach láthair agus, go bhfuil sé le fáil lena úsáid nuair is gá. Tá an eagraíocht tiomanta chomh maith d'oiliúint Gharchabhrach a chur ar fáil d'fhostaithe atá sásta seirbhís gharchabhrach a sholáthar nuair is gá.

Ba chóir do gach Ráiteas Sábháilteachta Coimhdeach suíomh agus ábhair gach bosca Garchabhrach san fhoirgneamh a léiriú, chomh maith le hainmneacha na ndaoine atá oilte i nGarchabhair.

Tá sé mar bheartas ag an tSeirbhís Chúirteanna Uath-dhífhibrileoirí Seachtracha a sholáthar ag na Tithe Cúirte agus Oifigí móra go léir.

## TUAIRISCIÚ AR THIMPISTÍ

Beidh an Comhordaitheoir Sláinte agus Sábháilteachta freagrach as timpistí a thuairisciú don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta thar ceann na Seirbhíse Cúirteanna. **CAITHFEAR** na cineálacha timpistí seo a leanas a thuairisciú don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta –

- ⇒ timpiste ar bith ina bhfuair duine fostaithe nó féinfhostaithe bás má tharla sé le linn a f(h)ostaíochta
- ⇒ timpiste ar bith a tharla le linn a f(h)ostaíochta a chuireann cosc ar dhuine fostaithe nó féinfhostaithe gnáthdhualgais a f(h)ostaíochta a chomhlíonadh ar feadh níos mó ná 3 lá as a chéile, gan dáta na timpiste san áireamh acu ach le laethanta nach mbeadh ina laethanta oibre san áireamh
- ⇒ timpiste ar bith a tharlaíonn do dhuine nach fostaí é/í de dheasca ghníomh oibre a raibh bás nó cóireáil leighis mar thoradh uirthi.

Is é seo a leanas an nós imeachta atá lena leanúint ag fostaithe:

- Caithfear gach timpiste/eachtra a thuairisciú go pras, i scríbhinn, chuig an gCeann Oifige/mBainisteoir Oifige
- Ba chóir do gach Ceann Oifige/Bainisteoir Oifige loga a choimeád de na tuairiscí seo
- Sa chás go gortaítear fostaí nó duine nach bhfuil ina fhostaí, ba chóir don Cheann Oifige/Bhainisteoir Oifige an tuairisc scríofa a chomhlánú go pras agus í a chur ar aghaidh chuig an mBainisteoir Réigiúnach lena tarchur chuig an gComhordaitheoir Sláinte agus Sábháilteachta

Éilíonn Rialachán 60 de na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 1993 (I.R. Uimh. 44 de 1993) go gcoinneofaí taifid ar thimpiste nó eachtra dainséarach intuairiscithe ar feadh tréimhse deich mbliana ó dháta na timpiste.

## **SLÁINTE AGUS LEAS**

Deir alt 22 den Acht go bhfuil ar gach fostóir a chinntiú go gcuirfear maoirseacht sláinte ar fáil dá f(h)ostaithe atá oiriúnach do na rioscaí don tsábháilteacht, don tsláinte agus don leas a d'fhéadfadh a bheith sa láthair oibre mar a aithnítear sa mheasúnú riosca faoi *alt 19*.

Leagtar amach na riachtanais maidir leis an timpeallacht oibre sna Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 2007 (I.R. 299 de 2007). Cuimsíonn na Rialacháin seo forálacha ar aeráil, stáisiúin oibre, theocht, shoilsiú, áiseanna sláintíochta *srl*.

### **Tástálacha Súl**

Tá fostaí atá faoi bhun 40 bliain agus a úsáideann ríomhaire i dteideal tástáil súl gach cúig bliana. Tá fostaí atá os cionn 40 bliain agus a úsáideann ríomhaire i dteideal tástáil súl gach dhá bhliain. Tá sonraí níos cuimsithí le fáil sa Lámhleabhar Foirne.

### **Beartas um Chaitheamh Tobac**

Tá cosc ar thobac a chaitheamh i ngach ionad oibre.

Tá an tSeirbhís Chúirteanna tiomanta do dheimhin a dhéanamh de go gcuirtear a cuid reachtaíochta agus aon rialacháin a ndéantar faoina bun i bhfeidhm i bhfoirgnimh na Seirbhíse Cúirteanna.

### **Saincheisteanna eile**

Tá beartais curtha ar bun ag an tSeirbhís Chúirteanna chun saincheisteanna a chlúdach ar nós fostaithe ag iompar clainne, bulaíocht, gnéaschiapadh, strus agus míchumais (féach ar do lámhleabhar foirne).



## **SOCRUITHE AR LEITH**

### **Sábháilteacht Dóiteáin**

Beidh plean ag gach áitreabh de chuid na Seirbhíse Cúirteanna le haghaidh sábháilteacht dóiteáin, lena n-áirítear socruithe aslonnaithe éigeandála agus réamhchúraimí a bhainfidh leis na láithreáin ar leith.

Cinntoidh an Comhordaitheoir Sláinte agus Sábháilteachta go bhfuil saineolas agus comhairle theicniúil ar fáil, ar iarratas, le cabhrú chun nósanna imeachta cuí a chur ar bun.

### **Éigeandálaí**

Leagfar amach an nós imeachta atá le leanúint i gcás éigeandála i ngach Ráiteas Sábháilteachta Coimhdeach.

### **Measúnú Riosca**

Tá sé d'aidhm ag an Acht agus ag Rialacháin 2007 (I.R. Uimh. 299 de 2007) timpistí agus drochshláinte sa láthair oibre a sheachaint. D'fhothn comhlíonadh na reachtaíochta seo a bhaint amach, ba chóir gach guais atá os comhair na foirne ag an obair nó aon ghuais atá ann de dheasca ghníomhaíochtaí oibre a d'fhéadfadh tionchar intuartha a bheith acu ar dhaoine seachas fostaithe a aithint go foirmeálta agus ba chóir do na Cinn Oifige/Bainisteoirí Oifige measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann leo.

Ba cheart torthaí na measúnuithe riosca seo agus na bearta rialaithe riachtanacha a thairfeadh sna Ráitis Sábháilteachta Choimhdeacha chuí.

#### **Sainmhínte**

##### **"guais"**

rud ar bith a d'fhéadfadh a bheith contúirteach *m.sh.* leictreachas, obair in áiteanna arda

##### **"riosca"**

an chosúlacht, a mhór nó a bheag, go ndéanadh an ghuais dochar do dhuine, in éineacht le déine an dochair a bheadh i gceist

##### **"measúnú ar an riosca"**

iniúchadh cúramach ar céard, i do láthair oibre, a d'fhéadfadh a bheith ina bhaol do dhaoine, i dtreo is gur féidir leat measúnú a dhéanamh ar cibé ar glacadh go leor réamhchúraimí nó cibé ar chóir a thuilleadh a dhéanamh chun dochar a chosc

##### **"bearta rialaithe"**

céimeanna arna nglacadh chun an ghuais a scriosadh agus chun riosca a íoslaghdú

## **Guaiseacha Ar Leith**

Lena chinntiú go leanfar ar aghaidh le gach guais fhéideartha a aithint agus a chur san áireamh i Ráitis Sábháilteachta, ba chóir don Cheann Oifige/Bhainisteoir Oifige iniúchtaí rialta a dhéanamh in áiseanna uile na Seirbhíse Cúirteanna.

Déileálfar le guaiseacha a bhaineann le ceannteidil mar -

- Teacht isteach agus dul amach
- Sábháilteacht Leictreach
- Fostaithe faoi mhíchumais
- Dóiteán
- Substaintí Inlasta
- Substaintí guaiseacha
- Soilsiú
- Duine ag obair leis féin
- Láimhsiú sábháilte
- Biorpholladh
- Obair lasmuigh (Teachtairí Cúirte)
- Fostaithe atá ag iompar clainne
- Seomraí Daingne/Seomraí Stórála/Seomraí Caidrimh
- Strus
- Fístaispeáint
- Diúscairt dramhaíola
- Trealamh oibre
- Daoine óga

i dtéarmaí sainiúla sa Ráiteas Sábháilteachta Coimhdeach maidir le gach láthair.

*Tabhair faoi deara: Ní sé beartaithe go mbeadh sé seo ina liosta uileghabhálach.*

## **Ráiteas Sábháilteachta um Beartas Corparáideach**

Tá cur síos sa Ráiteas Sábháilteachta um Beartas Corparáideach ar bheartas na heagraíochta agus ar a rún maidir le Sábháilteacht, Sláinte agus Leas. Déanfaidh an Coiste Monatóireachta um Shábháilteacht athbhreithniú ar an Ráiteas seo go bliantúil ar a laghad.

## **Ráiteas Sábháilteachta Coimhdeach**

Beidh ar gach Ceann Oifige/Bainisteoir Oifige (Oifigeach Sábháilteachta) Ráiteas Sábháilteachta Coimhdeach a ullmhú dá láthair oibre, i gcomhar leis an mBainisteoir Réigiúnach ábhartha.

Ba chóir an Ráiteas Coimhdeach a dhréachtú i ndiaidh do na guaiseacha a bheith aitheanta, mheasúnú riosca a bheith déanta agus chinntí a bheith déanta maidir le haon réamhchúraimí riachtanacha chun na rioscaí a scriosadh/rialú. Ba chóir go gcuimseodh sé sonraí ar nósanna imeachta éigeandála agus aslonnaithe. Ba chóir ainmneacha agus teidil phoist na ndaoine a sannadh do dhualgais sláinte agus sábháilteachta sa láthair oibre a leagadh amach sa Ráiteas chomh maith.


Déanfaidh an tOifigeach Sábháilteachta athbhreithniú bliantúil agus nuair is gá sin ar Ráitis Sábháilteachta Choimhdeacha i gcomhar leis an mBainisteoir Réigiúnach agus i gcomhairle leis an gComhordaitheoir Sláinte agus Sábháilteachta.

## **AGUISÍNÍ**

CAIRT EAGRÚCHÁIN UM SHLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHT A BHAINISTIÚ  
ADMHÁIL GO BHFUARTHAS AGUS GUR TUIGEADH É

# AGUISÍN 1

## CAIRT EAGRÚCHÁIN UM SHLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACTH A BHAINISTIÚ



## AGUISÍN 2

### ADMHÁIL GO BHFUARTHAS AGUS GUR TUIGEADH É

ADMHAÍM, \_\_\_\_\_ (AINM IOMLÁN I MBLOCLITREACHA), GO

BHFUAIR MÉ

RÁITEAS SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA UM BEARTAS CORPARÁIDEACH DE CHUID NA  
SEIRBHÍSE CÚIRTEANNA.

TÁIM TAR ÉIS AN RÁITEAS A LÉAMH AGUS TUIGIM É.

SÍNITHE : \_\_\_\_\_

DÁTA : \_\_\_\_\_

BA CHÓIR AN ADMHÁIL SÍNITHE A CHUR AR AGHAIDH, TRÍ

CHEANN OIFIGE/BHAINISTEOIR OIFIGE, CHUIG AN gCOMHORDAITHEOIR SLÁINTE AGUS  
SÁBHÁILTEACHTA